**Iarraidh ar réamhrialú ó Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg (Lucsamburg) a taisceadh an 26 Aibreán 2024 – BF, CG v Caisse pour l'avenir des enfants**

**(Cás C-303/24, Vochal)** ([1])

(C/2024/5064)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* BF, CG

*Cosantóir:* Caisse pour l'avenir des enfants

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) a) An bhfuil an coincheap 'riar a cháis a sholáthar' do leanbh, as a dtagann stádas baill teaghlaigh de réir bhrí fhorálacha dhlí an Aontais Eorpaigh, rud a thagann de chásdlí bhur gCúirte i gcomhthéacs saorghluaiseacht oibrithe agus buntáiste sóisialta a fháil ag oibrí trasteorann, a bhaineann le gníomhaíocht a shaothrú aige i mBallstát a bhfuil tuarastal ag dul léi, do leanbh de chuid a chéile nó a céile nó a pháirtnéara chláraithe nó a páirtnéara chláraithe nach bhfuil gaol tuismíochta aige leis, arna léamh ina aonair nó i gcomhar le prionsabal léiriú leathan na bhforálacha lena bhféachtar le saorghluaiseacht oibrithe a áirithiú, le léiriú sa chaoi go gcomhlíontar é agus, dá bhrí sin, go dtugtar an ceart leis an buntáiste sóisialta a fháil,

- toisc pósadh nó páirtnéireacht chláraithe idir an t-oibrí trasteorann agus tuismitheoir an linbh agus dá thoisc sin amháin
- toisc an t-aon áit chónaithe nó sainchónaithe amháin a bheith ag an oibrí trasteorann agus ar an leanbh agus dá thoisc sin amháin
- toisc costas de chineál ar bith a bheith á íoc ag an oibrí trasteorann chun leasa an linbh go ginearálta agus dá thoisc sin amháin, bíodh gurb amhlaidh
  - go bhfreastalaítear leo ar riachtanais seachas riachtanais bhunúsacha nó chothabhála
  - go n-íoctar é le tríú páirtí agus nach bhfuil sé chun leasa an linbh ach go hindíreach
  - nach n-íoctar é ar mhaithe leis an leanbh amháin nó ar mhaithe leis go sonrach, ach chun leasa an teaghlaigh ar fad
  - nach ann ach costas a bhíonn ann ó am go chéile
  - gur lú é ná costas na dtuismitheoirí
  - nach ann ach costas beag i bhfianaise riachtanais an linbh
- toisc go n-íoctar na costais ó chomhchuntas atá ag an oibrí trasteorann agus a chéile nó a céile nó a pháirtnéir cláraithe nó a páirtnéir cláraithe, is tuismitheoir an linbh, gan beann ar fhoinse na gcistí atá ann agus dá thoisc sin amháin
- toisc go bhfuil an leanbh faoi 21 bhliain d'aois agus dá thoisc sin amháin?

([1]) Úsáidtear ainm bréige sa chás seo nach bhfreagraíonn d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

b) I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist, an bhfuil an coincheap 'riar a cháis a sholáthar' le léiriú sa chaoi go bhfuil sé cruthaithe, agus, dá bhrí sin, go dtugtar an ceart leis an buntáiste sóisialta a fháil, más amhlaidh go bhfuil dhá cheann nó níos mó de na himthosca sin i gceist?

2) An bhfuil an coincheap 'riar a cháis a sholáthar' do leanbh, as a dtagann stádas baill teaghlaigh de réir bhrí fhorálacha dhlí an Aontais Eorpaigh, rud a thagann de chásdlí bhur gCúirte i gcomhthéacs saorghluaiseacht oibrithe agus buntáiste sóisialta a fháil ag oibrí trasteorann, a bhaineann le gníomhaíocht a shaothrú aige i mBallstát a bhfuil tuarastal ag dul léi, do leanbh de chuid a chéile nó a céile nó a pháirtnéara chláraithe nó a páirtnéara chláraithe nach bhfuil gaol tuismíochta aige leis, arna léamh ina aonair nó i gcomhar le prionsabal léiriú leathan na bhforálacha lena bhféachtar le saorghluaiseacht oibrithe a áirithiú, le léiriú sa chaoi go gcomhlíontar é agus, dá bhrí sin, go gcuirtear cosc leis ar an gceart chun an buntáiste sóisialta a fháil,

— toisc go bhfuil oibleagáid chothabhála ar na tuismitheoirí i leith an linbh agus dá thoisc sin amháin, gan beann

  — ar cé acu a shocraítear an t-éileamh sin ar chothabháil go breithiúnach nó go conarthach

  — ar mhéid an éilimh sin ar chothabháil a shocraítear

  — ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fiachas cothabhála sin á íoc ag an bhféichiúnaí i ndáiríre

  — ar cé acu an réitítear nó nach réitítear teip tuismitheora i leith an linbh trí ranníocaíocht an oibrí trasteorann

— toisc go bhfanann an leanbh leis an tuismitheoir eile go tréimhsiúil, agus ceart rochtana nó cónaitheacht roinnte nó cur chuige eile á fheidhmiú nó á feidhmiú, agus dá thoisc sin amháin?